Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2021
(OR. en)

8462/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2014/0008 (NLE)**

**AVIATION 111**
**RELEX 389**
**OC 25**
**NIS 14**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile |

**CINNEADH (AE) 2021/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh,
agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe um an gComhlimistéar Eitlíochta
idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt,
agus an Úcráin, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(5) agus (7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2006, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le hidirbheartaíocht leis an Úcráin maidir le comhaontú um chomhlimistéar eitlíochta. De thoradh na hidirbheartaíochta sin, cuireadh inisealacha leis an gComhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile ('an Comhaontú') an 28 Samhain 2013.

(2) Ní dhéanann síniú an Chomhaontaithe thar ceann an Aontais agus a chur i bhfeidhm sealadach difear do leithdháileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit. Níor cheart an Cinneadh seo a léirmhíniú ar bhealach go mbaineann sé leas as an bhféidearthacht atá ann go bhfeidhmeoidh an tAontas a inniúlacht sheachtrach i ndáil le réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú a thagann faoi inniúlacht roinnte a mhéid nár fheidhmigh an tAontas an inniúlacht sin go hinmheánach go fóill.

(3) Chun tairbhí an Chomhaontaithe a thabhairt i grích a luaithe is féidir, ba cheart é a shíniú agus a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go gcomhlíonfar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

(4) Is iomchuí an nós imeachta a leagan síos a bheidh le leanúint i ndáil leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais i ndáil le cinntí an Chomhchoiste faoi phointe (a) d'Airteagal 15(3) den Chomhaontú a bhaineann le reachtaíocht an Aontais a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann leis,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, síniú an Comhaontaithe um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin[1+].

*Airteagal 2*

Údaraítear leis seo, d'Uachtarán na Comhairle an duine nó na daoine a dtugtar de chumhacht dó nó dóibh an Comhaontú a shíniú a ainmniú, thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Cuirfear an Comhaontú i bhfeidhm ar bhonn sealadach i gcomhréir le hAirteagal 38(3) de, go dtí go gcomhlíonfar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

---

[1] Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in IO L ….

[+] IO: Cuir isteach san fhonóta le do thoil tagairt IO an Chomhaontaithe atá i ndoiciméad ST 7746/21.

*Airteagal 4*

Údaraítear don Choimisiún an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais maidir le cinntí an Chomhchoiste faoi phointe (a) d'Airteagal 15(3) den Chomhaontú a bhaineann le hathbhreithniú ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú, a mhéid a bhaineann le reachtaíocht an Aontais a áireamh san Iarscríbhinn sin, a ghlacadh, tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle nó lena comhlachtaí ullmhúcháin in am trátha roimh ré, de réir mar a chinnfidh an Chomhairle, faoi réir aon choigeartuithe teicniúla is gá.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*